

Coimisiún
na Meán



Clár Oibre
Meitheamh 2023

Réamhrá

Bunaíodh Coimisiún na Meán i mí Mhárta na bliana seo, nuair a ghlacamar le baill foirne agus feidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann. Is garsprioc thábhachtach do Choimisiún na Meán é foilsiú ár gcéad chlár oibre. Is é an misean atá againn tírdhreach ar líne agus meán rathúil, éagsúil agus sábháilte a chinntiú. Léiríonn ár gclár oibre an tiomantas sin.

Is iad seo a leanas ár gcuispóirí don bhliain atá romhainn:

- ▶ Córais rialála nua a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a ndéileáil soláthraithe seirbhíse ar líne le hábhar díobhálach agus neamhdhleathach
- ▶ Seirbhísí craolacháin agus ar éileamh a rialú
- ▶ Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt earnáil níos leithne na meán i dtaca le scéimeanna maoinithe, mar aon le tionscnaimh chun an Ghaeilge agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú in earnáil na meán
- ▶ Eagraíocht Choimisiún na Meán a fhorbairt

Mairfidh an clár oibre seo go dtí mí Feabhra seo chugainn, nuair a thosóimid ar Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm chomh maith leis na feidhmeanna atá againn cheana féin faoin Acht Craolacháin, 2009 agus faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meáin Ar Líne, 2022.

Gníomhaíonn na Coimisinéirí mar fhoras ceannaireachta agus cinnteoireachta coláisteach do Choimisiún na Meán. Tá gach duine de mo chomhghleacaithe i gceannas ar réimse oibre ar leith – Craolachán/Físeán ar Éileamh (FAÉ), Forbairt na Meán, Sábháilteacht ar Líne agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha. Ach déanaimid na mórchinntí i gcomhpháirt lena chéile. Cinntíonn sé seo iolracht maidir le guthanna agus tuairimí ag an mbord cinnteoireachta chomh maith le cur chuige ceannaireachta comhcheangailte agus coláisteach maidir leis an méid a dhéanaimid.

B'am spreagúil é na 3 mhí seo ó cuireadh ar bun muid. Tá go leor oibre romhainn, agus tá an t-am ag imeacht.

Sábháilteacht Ar Líne

Is é is cuspóir lenár gcuid oibre maidir le Sábháilteacht ar Líne ná an baol a bhaineann le hábhar díobhálach agus neamhdhleathach ar líne a laghdú.

Trasnaíonn seirbhísí ar líne teorainneacha, mar sin bíonn iarracht idirnáisiúnta de dhíth chun úsáideoirí a choimeád sábháilte agus chun iad a chosaint ar ábhar díobhálach agus neamhdhleathach.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as na mór-ardáin agus na mór-innill chuardaigh ar líne go léir a rialú, ardáin a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe acu in Éirinn.

Oibrímid i ndlúthchomhar lenár macasamhlacha i mBallstáit eile an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach chun leas na n-úsáideoirí ar fud an Aontais Eorpaigh a chosaint i ndáil le hardáin atá lonnaithe in Éirinn, agus chun leas na n-úsáideoirí Éireannacha a chosaint i ndáil le hardáin atá lonnaithe in áiteanna eile.

I mbliana, díreoidimid ar dhá phíosa de dhlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le hábhar díobhálach agus neamhdhleathach.

I dtosach báire, glacfaimid le cód sábháilteachta ar líne ina leagfar amach riachtanais ar leith d'ardáin maidir le comhroinnt físeán. Cuimseofar bearta sa chód a mbeidh ar ardáin chomhroinnte físeán glacadh leo chun dul i ngleic le ceisteanna ar nós mionaoisigh a chosaint ar ábhar díobhálach agus neamhdhleathach, fuathchaint atá dírithe in aghaidh grúpaí a bhfuil saintréithe faoi chosaint acu, agus cionta coiriúla, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le sceimhlitheoireacht, ábhar a bhaineann le drochúsáid ghnéasach leanaí agus ciníochas.

Eiseoidimid glaoch ar ionchuir roimh i bhfad maidir leis an gcód sábháilteachta ar líne agus rachaimid i mbun comhairliúcháin maidir le dréachtchód níos déanaí sa bhliain.

Déanfaimid ardáin comhroinnte físeán a ainmniú freisin, mar atá sainmhínithe faoi Threoir um Sheirbhísí Meáin Closamhairc an Aontais Eorpaigh agus fágfaimid go mbeidh an cód a bhaineann leo ceangailteach.

Chomh maith leis sin, ullmhóimid dár ról maidir leis an Acht nua um Sheirbhísí Digiteacha de chuid an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm. Tá leagtha amach san Acht seo rialacha nach mór d'ardáin a leanúint. Cuimsíonn na rialacha seo riachtanais maidir leis an gcaoi a láimhseálann ardáin gearáin faoi ábhar díobhálach agus neamhdhleathach, cosc ar chomhéadain úsáideoirí ionramhálacha, riachtanais maidir le leibhéal ard cosanta do leanaí agus mar sin de.



Ní mór d'ardáin ar líne agus innill cuardaigh an-mhór dul i ngleic leis an mbaol a bhaineann le réimse níos leithne díobhálacha, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, bréagaisnéis, fuathchaint, agus aon rud a mbeadh tionchar tromchúiseach aige ar fholláine fhisiciúil nó mheabhrach aon duine. Ní mór dóibh, freisin, rochtain a chur ar fáil ar shonraí maidir le taighdeoirí a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu, a bheadh in ann monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart a ghlacann siad.

Shainnigh an Coimisiún Eorpach 19 gcinn d'ardáin agus innill chuardaigh an-mhór atá faoi réir na n-oibleagáidí seo, agus a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn ag 11 cheann acu seo. Cabhróidh Coimisiún na Meán leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis na soláthraithe ollmhóra atá lonnaithe in Éirinn na hoibleagáidí seo a chur i bhfeidhm.

Craoltóireacht Agus Físeán Ar Éileamh

Is ionann craoltóireacht seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail ardchaighdeán mar aon le hábhar seirbhíse poiblí ard-chaighdeán agus bunchuid de thírdhreach sláintiúil meán. Leanann an obair rialála i ndáil le craoltóireacht, a ndéanadh Údarás Craolacháin na hÉireann í roimhe, ar aghaidh laistigh de Choimisiún na Meán agus tá leathnú tagtha ar ár sainchúraimí chun gach seirbhís closamhairc a chlúdach.

Bunóimid scéim nua maidir le gearáin craoltóireachta agus físeán ar éileamh (FAÉ) a shocrú, agus déanfaimid cóid agus rialacha nua do na meáin a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm chun timpeallacht closamhairc sábháilte agus inrochtana a chinntiú. Foilseofar clár de na seirbhísí FAÉ atá lonnaithe in Éirinn. Rachaimid i dteagmháil le craoltóirí maidir le hAthbhreithniú 5 Bliana a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh craoltóireacht seirbhíse poiblí in Éirinn.

Tá gealltanais inár bplean oibre freisin go ndéanfaimid iniúchadh ar na féidearthachtaí i dtaca le stáisiún raidió náisiúnta nua, lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le stáisiún raidió Gaeilge don óige.

Is ábhar mór cainte i measc craoltóirí í feiceálacht an ábhair seirbhíse poiblí agus táthar tar éis ceisteanna a ardú maidir leis na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag craoltóirí chun a chinntiú go mbíonn a gcuid ábhair ar fáil go réidh agus infheicthe ar gach ardán. Tá feidhmeanna nua againn chun cabhrú linn dul i ngleic leis an bhfadhb seo agus tosóimid ag déanamh iniúchadh ar na ceisteanna seo le linn ráithe 3 chomh maith leis na céimeanna a d'fhéadfaimis a thógáil.



Forbairt Na Meán

Déanann an réimse tábhachtach seo dár n-eagraíocht scéimeanna maoinithe a fheidhmiú chun tacú leis an bhforbairt ábhair do luchtanna féachana na hÉireann a léiriú agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann. Cuimsíonn sé seo:

- ▶ An Scéim Fuaimne & Físe, a thacaíonn le léiriú ábhar craoltóireachta a bhfuil luach cultúrtha ag baint leis, lena n-áirítear ábhar Gaeilge
- ▶ Dhá scéim nua iriseoireachta chun tacú leis an tuairisciú ar chúirteanna áitiúla agus ar an daonlathas áitiúil
- ▶ Scéim cartlannaíochta chun tacú le caomhnú na dtaifead stairiúil de chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann

Leanfaimid leis na gníomhaíochtaí forbartha meán a bhíodh á ndéanamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann roimhe seo, lena n-áirítear cur i bhfeidhm clár foghlama agus forbartha earnála, forbairt tionscnaimh inniúlachta meán chun cabhrú leis an bpobal anailís chriticiúil a dhéanamh ar ábhar craoltóireachta agus ar líne, agus cur chun cinn cleachtais chomhshaoil ar ardchaighdeán in earnáil na meán.

Tabharfar straitéis Inscne, Comhionannais, Cuimsithe agus Éagsúlachta chun críche d'earnáil na meán faoi dheireadh na bliana chomh maith, straitéis a bhfuiltear ag tnúth léi le fada. Beidh cuntas sa straitéis seo ar an mbealach a bhféadfaí glacadh le córas de chaighdeán agus é a chur i bhfeidhm chun ionadaíocht níos mó a chinntiú sna réimsí tábhachtacha seo ar fud na meán go léir.

Cuireann Coimisiún na Meán soláthar ábhair Ghaeilge chun cinn do lucht féachana na hÉireann agus tacaímid leis. Cuirfear tús le hathbhreithniú i mbliana freisin ar sholáthar seirbhísí Gaeilge ar fud thírdhreach na meán, mar a moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán.

Táimid ag súil le tús a chur le hiniúchadh ar réimsí ina bhféadfaí comhoibriú níos dlúithe a bheith ann idir eagraíochtaí meán ar an dá thaobh den teorainn i gcomhpháirt le Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Táthar ag súil go gcuirfear moladh Choiste an Mhargaidh Oscailte Fheidearálaigh i bhfeidhm, is é sin go mbunófar meitheal oibre i gcomhpháirt le Spórt Éireann chun plean straitéiseach a fhorbairt le haghaidh craoltóireacht spóirt.



Forbairt Na hEagraíochta

Bhí thart ar 40 ball foirne ag Coimisiún na Meán nuair a bunaíodh muid trí mhí ó shin. Táimid tar éis fás cheana go dtí thart ar 50 duine, agus tá faomhadh againn fás go thart ar 160 duine.

Cuimseoidh ár n-eagraíocht nua foireann a bheidh tiomanta don mhaoirsiú ar ardáin agus d'imscrúduithe foirmeálta ar sháruithe amhrasta; foireann a bheidh tiomanta don pholasaí rialála agus do dhréachtú cód agus rialacha; foireann a bheidh tiomanta don tacaíocht d'úsáideoirí agus do láimhseáil gearán; foireann a bheidh tiomanta do rialú na craoltóireachta, d'fhorbairt na meán agus don taighde; saineolaithe san eolaíocht sonraí; comhairleoirí dlí; agus foireann tacaíochta i réimsí amhail airgeadas, acmhainní daonna, teicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáid.

Tar éis dúinn ár bplean oibre a fhoilsiú, beimid ag seoladh feachtais earcaíochta chun tús a chur líonadh na ról seo.

Chomh maith le bheith ag earcú, beimid ag cur socruithe i bhfeidhm le haghaidh tobhach earnála chun ár bhfreagrachtaí nua a mhaoiniú.

Conclúid

Is rud riachtanach é in aon sochaí dhaonlathach, ó thaobh bhunchearta an duine de, meáin chraoltóireachta agus ar líne a bheith ann a fheidhmíonn mar is cuí. Táimid ag tnúth le bheith ag comhoibriú go dlúth le gach páirtí leasmhar, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, ar mhaithe le daoine in Éirinn agus ar fud na hEorpa. Ní neart go cur le chéile. Ar aghaidh linn.



Jeremy Godfrey
Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clár Oibre Choimisiún na Meán

– bunspríocanna agus garspríocanna poiblí

	Sruth oibre	Sábháilteacht ar líne & Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha	Seirbhís meán closamhairc (AVMS) agus Raidió	Forbairt na Meán	Eagraíocht Choimisiún na Meán
2023	R2	<p>Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Glao ar ionchuir.</p> <p>Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS): Comhairliúchán maidir le sonrú catagóire.</p>		<p>Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe: Tairiscint le haghaidh tacaíocht comhairliúcháin chun straitéis GEDI a fhorbairt.</p> <p>Inbhuanaitheacht: Athbhreithniú maidir le háireamhán lorg carbóin do léiriúcháin closamhairc.</p> <p>Scéim Cartlannaíochta 3: Glao ar ionchuir.</p> <p>Fuaim & Fís: Babhta Maoinithe Oscailte: Glao ar iarratais.</p>	<p>Plean Oibre: An chéad phlean oibre de chuid Choimisiún na Meán.</p> <p>Coistí Comhairleacha: Coiste iniúchta agus riosca bunaithe.</p>
2023	R3	<p>Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Comhairliúchán maidir le dréachtstraitéis ríomhthráchtála.</p> <p>Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Comhairliúchán maidir le Dréachtchód Sábháilteachta ar Líne.</p> <p>Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS): Sonrú catagóire bunaithe agus seol iarratais ar eolas do shonruithe seirbhíse ainmnithe.</p> <p>Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha: Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar nósanna imeachta agus Polasaithe an Achta um Sheirbhísí Digiteacha.</p>	<p>Ceadúnais Chraoltóireachta: Athnuachan na gceadúnas craoltóireachta reatha.</p> <p>Gearáin faoi Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh: Nós imeachta nua bunaithe maidir le gearáin faoi. Chraoltóireacht agus Físeán ar Éileamh.</p> <p>Clárúchán Físeán ar Éileamh: Iarratais eolais eisithe, má bhí gá leo.</p> <p>Cóid agus rialacha na seirbhíse meán: Comhairliúchán ar athruithe ar na cóid agus ar na rialacha, lena n-áirítear na cinn a theastaíonn le haghaidh Físeán ar Éileamh. Treoirínte Reifrinn: Comhairliúchán agus Treoirínte Eisithe.</p>	<p>Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe: Comhairliúchán ar dhréachtstraitéis.</p> <p>Tobhach na saothar Eorpach: Comhairliúchán ar thionchar na gcur chuige féideartha ar an tobhach léiriú ábhar.</p> <p>Scéimeanna Deontais na Meán: Comhairliúchán ar dhearadh mionsonraithe na Scéimeanna. Tuairisciú Cúirteanna agus Daonlathas Áitiúil.</p> <p>Fuaim & Fís: Babhta Raidió Tráchtála: Glao ar iarratais.</p> <p>Litearthacht sna Meáin: Imeachtaí na bPáirtithe Leasmhara.</p> <p>Athbhreithniú ar Sholáthar Seirbhísí Gaeilge: An t-eolas is deireanaí faoin bpróiseas don athbhreithniú Gaeilge.</p>	<p>Plean Oibre: Plean oibre 2023 nuashonraithe foilsithe.</p> <p>Coistí Comhairleacha: Coiste comhairleach óige bunaithe.</p> <p>Samhail Tobhaigh an Choimisiúin: Comhairliúchán maidir le dearadh na samhla tobhaigh.</p> <p>Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla: Tuarascáil bhliantúil deiridh a gclúdaítear 14 ½ mhí ann agus cuntais de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann foilsithe.</p> <p>Samhail Tobhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann: Próiseas réitigh samhla tobhaigh deiridh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann curtha i gcrích le haghaidh na bliana tobhaigh 2022.</p>
2023	R4	<p>Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Straitéis comhlíontachta ríomhthráchtála glactha; Cóid Sábháilteachta ar líne glactha.</p> <p>Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS): Comhairliúchán agus cinntí maidir le sonruithe na seirbhísí ainmnithe; foilsíú chlár VSPS.</p> <p>Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha: Cinntí ar nósanna imeachta agus Polasaithe an Achta um Sheirbhísí Digiteacha.</p> <p>Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne: Comhairliúchán de réir mar is gá ar nósanna imeachta & treoirínte.</p> <p>Sábháilteacht ar Líne/Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha: Rannpháirtíocht le hardáin mhóra chun socrúcháin mhonatóireachta agus mhaoirseachta a bhunú.</p>	<p>Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí PSM: Rannpháirtíocht le Ranna agus Craoltóirí na Seirbhíse Poiblí.</p> <p>Físeán ar Éileamh: Réamhfhógra na gcinntí clárúcháin agus an chéad chlár foilsithe.</p> <p>Cóid agus rialacha na seirbhíse meán: Cóid agus rialacha nuashonraithe curtha i bhfeidhm.</p> <p>Seirbhís raidió quasi-náisiúnta nua: An t-eolas is deireanaí faoi staidéar féidearthachta.</p>	<p>Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe: Straitéis GEDI foilsithe.</p> <p>Scéimeanna Deontais na Meán: Osclaíonn na Scéimeanna. Tuairisciú Cúirteanna agus Daonlathas Áitiúil d'iarratasóirí, faoi réir cheadúcháin.</p> <p>Fuaim & Fís: Babhta Maoinithe Oscailte: Glao ar iarratais.</p> <p>Forbairt agus Urraíocht Earnála: Iarratais ar mhaoiniú oscailte</p>	<p>Plean Oibre: Plean oibre agus meastacháin ar ioncam agus caiteachas 2024 de chuid Choimisiún na Meán foilsithe.</p> <p>Coistí Comhairleacha: Coistí comhairleacha tosaíochta eile bunaithe.</p> <p>Samhail Tobhaigh an Choimisiúin: Ordú tobhaigh déanta.</p>
2024	R1	<p>Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha: Faoin 17 Feabhra 2024, nósanna imeachta agus cumais do fhreagrachtaí DSC curtha i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear monatóireacht ar chomhlíontacht, fógraí faoi Airteagail 9 agus 10, taighdeoirí grinnfhiosraithe, comharthóirí iontaofa, láimseáil gearán, agus forais réitigh díospóidí lasmuigh den chúirt.</p> <p>Tuairisciú maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne: Chuir nósanna imeachta & treoirínte i bhfeidhm maidir le tuairisciú ábhar sceimhlitheoireachta ar líne.</p>		<p>Geilleagar Meán Uile-Oileáin: Glao ar thairiscint le haghaidh staidéar féidearthachta taighde chun comhoibriú a uasmhéadú ar fud an oileáin roinnte.</p> <p>Craoltóireacht Spóirt: Comhairliúchán na bpáirtithe leasmhara ar chaighdeán CÉI agus ar an bplean straitéiseach le haghaidh craoltóireacht agus cur chun cinn spóirt.</p> <p>Scéim Cartlannaíochta: Babhta Maoinithe: Glao ar iarratais.</p> <p>Fuaim & Fís: Babhta Raidió Pobail le haghaidh Tairbhe Shóisialta: Glao ar iarratais.</p>	<p>Plean Oibre: Plean oibre 2024 nuashonraithe foilsithe.</p> <p>Samhail Tobhaigh an Choimisiúin: Íocaíochtaí tobhaigh nua tosaithe.</p>

Sábháilteacht ar líne & Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha

R2

R2 2023

Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Glao ar ionchuir

Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS): Comhairliúchán maidir le sonrú catagóire

R3

R3 2023

Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Comhairliúchán maidir le dréachtstraitéis ríomhthráchtála

Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Comhairliúchán maidir le Dréachtchód Sábháilteachta ar Líne

Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS): Sonrú catagóire bunaithe agus seol iarratais ar eolas do shonruithe seirbhíse ainmnithe

Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha:

Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar nósanna imeachta agus Polasaithe an Achta um Sheirbhísí Digiteacha

R4

R4 2023

Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC): Straitéis comhlíontachta ríomhthráchtála glactha; Cód Sábháilteachta ar líne glactha

Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS): Comhairliúchán agus cinntí maidir le sonruithe na seirbhísí ainmnithe; foilsiú chlár VSPS

Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha: Cinntí ar nósanna imeachta agus Polasaithe an Achta um Sheirbhísí Digiteacha

Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne: Comhairliúchán de réir mar is gá ar nósanna imeachta & treoirlínte

Sábháilteacht ar Líne/Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha:

Rannpháirtíocht le hardáin mhóra chun socrúcháin mhonatóireachta agus mhaoirseachta a bhunú

R1

R1 2024

Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha: Faoi 17 Feabhra 2024, nósanna imeachta agus cumais do fhreagrachtaí DSC curtha i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear monatóireacht ar chomhlíontacht, fógraí faoi Airteagail 9 agus 10, taighdeoirí grinnfhiosraithe, comharthóirí iontaoifa, láimseáil gearán, agus forais réitigh díospóidí lasmuigh den chúirt

Tuairisciú maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne: Chuir nósanna imeachta & treoirlínte i bhfeidhm maidir le tuairisciú ábhar sceimhlitheoireachta ar líne

Seirbhís meán closamhairc (AVMS) agus Raidió

R3

R3 2023

Ceadúnais Chraoltóireachta: Athnuachan na gceadúnas craoltóireachta reatha.

Gearáin faoi Chraoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh: Nós imeachta nua bunaithe maidir le gearáin faoi. Chraoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh.

Clárúchán Físeáin ar Éileamh: Iarratais eolais eisithe, má bhí gá leo.

Cóid agus rialacha na seirbhíse meán: Comhairliúchán ar athruithe ar na cóid agus ar na rialacha, lena n-áirítear na cinn a theastaíonn le haghaidh Físeán ar Éileamh. Treoirínte Reifrinn: Comhairliúchán agus Treoirínte Eisithe.

R4

R4 2023

Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí PSM: Rannpháirtíocht le Ranna agus Craoltóirí na Seirbhíse Poiblí.

Físeán ar Éileamh: Réamhfhógra na gcinntí clárúcháin agus an chéad chlár foilsithe.

Cóid agus rialacha na seirbhíse meán: Cóid agus rialacha nuashonraithe curtha i bhfeidhm.

Seirbhís raidió quasi-náisiúnta nua: An t-eolas is deireanaí faoi staidéar féidearthachta.



Forbairt na Meán

R2

R2 2023

Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus lonchuimsithe:

Tairiscint le haghaidh tacaíocht comhairliúcháin chun straitéis GEDI a fhorbairt

Inbhuanaitheacht: Athbhreithniú maidir le háireamhán lorg carbóin do léiriúcháin closamhairc

Scéim Cartlannaíochta 3: Glao ar ionchuir

Fuaim & Fís: Babhta Maoinithe Oscailte: Glao ar iarratais

R3

R3 2023

Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus lonchuimsithe:

Comhairliúchán ar dhréachtstraitéis

Tobhach na saothar Eorpach: Comhairliúchán ar thionchar na gcur chuige féideartha ar an tobhach léiriú ábhar

Scéimeanna Deontais na Meán: Comhairliúchán ar dheardh mionsonraithe na Scéimeanna Tuairisciú Cúirteanna agus Daonlathas Áitiúil

Fuaim & Fís: Babhta Raidió Tráchtála: Glao ar iarratais

Litearthacht sna Meáin: Imeachtaí na bPáirtithe Leasmhara

Athbhreithniú ar Sholáthar Seirbhísí Gaeilge An t-eolas is deireanaí faoin bpróiseas don athbhreithniú Gaeilge

R4

R4 2023

Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus lonchuimsithe:

Straitéis GEDI foilsithe

Scéimeanna Deontais na Meán: Osclaíonn na Scéimeanna

Tuairisciú Cúirteanna agus Daonlathas Áitiúil d'iarratasóirí, faoi réir cheadúcháin.

Fuaim & Fís: Babhta Maoinithe Oscailte: Glao ar iarratais

Forbairt agus Urraíocht Earnála: Iarratais ar mhaoiniú oscailte

R1

R1 2024

Geilleagar Meán Uile-Oileáin:

Glao ar thairiscint le haghaidh staidéar

féidearthachta taighde chun comhoibriú a uasmhéadú ar fud an oileáin roinnte

Craoltóireacht Spóirt: Comhairliúchán na bpáirtithe leasmhara ar chaighdeán CÉI agus ar an bplean straitéiseach le haghaidh craoltóireacht agus cur chun cinn spóirt

Scéim Cartlannaíochta: Babhta Maoinithe: Glao ar iarratais

Fuaim & Fís: Babhta Raidió Pobail le haghaidh Tairbhe Shóisialta: Glao ar iarratais

Eagríocht Choimisiún na Meán

R2

R2 2023

Plean Oibre:

An chéad phlean oibre de chuid Choimisiún na Meán

Coistí Comhairleacha:

Coiste iniúchta agus riosca bunaithe

R3

R3 2023

Plean Oibre: Plean oibre 2023 nuashonraithe foilsithe

Coistí Comhairleacha: Coiste comhairleach óige bunaithe

Samhail Tobhaigh an Choimisiúin: Comhairliúchán maidir le dearadh na samhla tobhaigh

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla: Tuarascáil bhliantúil deiridh a gclúdaítear 14 ½ mhí ann agus cuntais de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann foilsithe

Samhail Tobhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann: Próiseas réitigh samhla tobhaigh deiridh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann curtha i gcrích le haghaidh na bliana tobhaigh 2022

R4

R4 2023

Plean Oibre: Plean oibre agus meastacháin ar ioncam agus caiteachas 2024 de chuid Choimisiún na Meán foilsithe

Coistí Comhairleacha:

Coistí comhairleacha tosaíochta eile bunaithe.

Samhail Tobhaigh an Choimisiúin:

Ordú tobhaigh déanta

R1

R1 2024

Plean Oibre: Plean oibre 2024 nuashonraithe foilsithe

Samhail Tobhaigh an Choimisiúin:

Íocaíochtaí tobhaigh nua tosaithe

Coimisiún na Meán